# Glór Cheatharlach

## Scéimeanna Gnó as Gaeilge!

Foras na Gaeilge

TÁ Glór Cheatharlach ag fógairt do lucht gnó an cheantair go bhfuil Scéimeanna Gnó as Gaeilge Gnó á reachtáil arís i mbliana ag Foras na Gaeilge. Tá na scéimeanna seo dírithe ar chomhlachtaí beaga agus meánmhéide agus is é an cuspóir atá leo ná méid agus infheicteacht na Gaeilge sa rannóg gnó a mhéadú. Tá an Scéim Chomharthaíochta dírithe ar chomhlachtaí ar mhaith leo comharthaí nua nó athdheartha a cheannach. Tá an Scéim Ábhair d'ábhair eile gnó ar nós culaithe oibre, páipéar sainchlóite, cártaí gnó agus ábhar margaíochta. Tá méid an mhaoinithe a bhronnfar ag brath go huile agus go hiomlán ar mhéid na Gaeilge a úsáidtear agus tá Foras na Gaeilge sásta i gcónaí moltaí a dhéanamh i dtaobh foclaíocht agus leagan amach na gcomharthaí agus a n-ábhar.

Faoin scéim Comharthaíochta tá maoiniú meaitseála á chur ar fáil ag Foras na Gaeilge chun cuidiú le fiontair bheaga agus mheánmhéide comharthaíocht dhátheangach nó comharthaíocht Ghaeilge a chur in airde lasmuigh den ionad gnó ar bhonn deontais aon uaire. Tá roinnt mhaith comharthaí nua dhátheangach



Stór Bhia Oakview

le feiceáil lasmuigh de ghnónna éagsúla timpeall Ceatharlach cheana féin de bharr na scéime. Ní hamháin go léiríonn an chomharthaíocht seo go bhfuil tacaíocht á thabhairt ag an ngnó don Ghaeilge sa cheantar ach cabhraíonn sé leis an ngnó féin seasamh amach ón slua trí an teanga a usáid go poiblí.

Is é aidhm na scéime ná branda an ghnó a fheabhsú tríd an Ghaeilge a úsáid go comhlánach. Is é an cineál comharthaíochta atá i gceist ná leagan dátheangach nó leagan iomlán Gaeilge d'ainm an fhiontar nó an cineál gnó.

Ní gá ainm branda an ghnólachta a aistriú áfach. Is leor go mbeidh an chuid eile den chomhartha dátheangach.

Ba chóir go mbeadh an téacs Béarla agus an téacs Gaeilge ar chóimhéid. Is féidir éifeacht téacs a fheabhsú ach clófhoirme agus dathanna éagsúla a úsáid. Tá an maoiniú ar fáil ar bhonn 50/50 leis an iarrthóir. Is é an 28 Meitheamh 2013 an spriocdháta d'iarratais ach moltar cur steach ar an scéim gan mhoill mar tabharfar tús áite do na hiarratais de réir mar a thagann siad isteach.Tá gach eolas faoin scéim ar fáil ar www.gaeilge.ie nó is féidir glaoch a chur ar oifig Glór Cheatharlach ar (059) 9158105 nó (085) 1340047.

| GLUAIS | GLOSSARY |
|---|---|
| infheicteacht | visibility |
| rannóg gnó | business sector |
| comharthaíocht | signage |
| maoiniú | funding |
| meaitseáil | matching |
| dhátheangach | bilingual |
| feabhsú | improve |
| iarrthóir | applicant |

## SPRAOI ag Tuistí agus Leanaí don Samhradh

TIOCFAIDH SPRAOI, an grúpa dátheangach Tuistí/Leanaí, le chéile do téarma nua an tSamhraidh ag tosnú an Satharn seo chugainn, 11 Bealtaine ag 11 a chlog ar maidin. Bunaíodh SPRAOI an samhradh seo caite agus tagann an grúpa le chéile gach dara Dé Sathairn in Ionad Phobal Darach Úr.

Bíonn tae agus caife do na tuismitheoirí agus comhrá dátheangach ar siúl acu fhad is a bhíonn na páistí ag spraoi. Cuirtear fíorchaoin fáilte roimh éinne go bhfuil suim acu Gaeilge a labhairt lena bpáistí agus iad i suíomh spraíúil, neamhfhoirmiúil. Ní gá a bheith líofa sa Ghaeilge ach díreach suim agus sásta triail a bhaint aisti!

Costas €3 an chlann a bhíonn le n-íoc agus bíonn tae/caifé/ brioscaí chomh maith le sú do na páistí san áireamh sa costas sin. Eagraithe i gcomhar le


Grúpa tuistí agus leanaí

Comhluadar Teo tá an grúpa SPRAOI oiriúnach d'éinne le páistí suas go 5 bliana d'aois. Tiocfaidh an grúpa le chéile ar an 11ú & 25ú Bealtaine, 8ú & 22 Meitheamh agus ar an 6ú agus 20ú Iúil. Tá gach eolas ar fáil ó Emma i nGlór Cheatharlach ar (085) 1340047. Bígí linn agus beidh fáilte roimh cách!

| GLUAIS | GLOSSARY |
|---|---|
| tuistí/leanaí | parent/toddler |
| dátheangach | bilingual |
| líofa | fluent |
| san áireamh | included |
| eagraithe | organised |
| oiriúnach | suitable |
| go háirithe | especially |

Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:

**Glór Cheatharlach**
**Sráid an Choláiste, Ceatharlach**
**(059) 9158105 / (085) 1340047**
emma@glorcheatharlach.ie www.glorcheatharlach.ie
Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!

## Spraoicheist GAEL LINN ag Éigse Cheatharlach

TÁ sé i gceist ag Gael Linn tráth na gceist boird trí Ghaeilge dar teideal Spraoicheist a eagrú do dhaltaí bunscoile i gCeatharlach le linn Féile na hÉigse ar an Déardaoin, 13 Meitheamh ag 10.00r.n. Is i nGaelscoil Eoghain Uí Thuairisc a eagrófar an ócáid.

Is ócáid bhliantúil í an Spraoicheist seo do dhaltaí an cheantair agus ghlac suas le daichead foireann ó scoileanna áitiúla páirt anuraidh.

Is é an aidhm atá le Spraoicheist ná a léiriú do na daltaí gur féidir leo píosa spraoi a bheith acu trí mheán na Gaeilge, fiú muna bhfuil siad líofa sa teanga.

Beidh 6 bhabhta ceisteanna san áireamh le 10 gceist i ngach babhta agus iad dírithe ar dhaltaí as na hardranganna. Míneofar gach ceist i nGaeilge shimplí agus cuirfear foclóir gearr ar fáil chun gur féidir na focail is deacra a mhíniú agus a mhúineadh roimhré sa seomra ranga.

Ceadófar do gach scoil suas le cúig fhoireann a iontráil agus bronnfar duais ar gach ball foirne den 4 fhoireann is airde marc.

| GLUAIS | GLOSSARY |
|---|---|
| spraoicheist | funquiz |
| eagrú | organise |
| ócáid | occasion |
| bliantúil | annual |
| líofa | fluent |
| babhta | round |
| foclóir | dictionary |
| iontráil | enter |
| spotdhuais | spot prize |

Tabharfar roinnt spotdhuaiseanna amach i rith na hócáide chomh maith.

Eagrófar ceolchoirm ghearr tar éis bronnadh na nduaiseanna agus tabharfar cuireadh do dhaltaí ó na scoileanna éagsúla míreanna 5 nóiméad nó mar sin ar fhaid de cheol, amhráin Ghaeilge, rince srl a chur i láthair.

Tá litir eolais agus foirm iontrála seolta chuig príomhoidí scoileanna uile an cheantair. Má tá aon cheist is féidir glaoch ar Niamh in Gael Linn ag 01 6753303 nó oifig Ghlór Cheatharlach ag 085 1340047. Bí páirteach sa Spraoicheist i mbliana. Fáilte faoi leith roimh scoileanna nua.


Ghlac 40 foireann páirt i Spraoicheist Gael Linn anuraidh

# Ardattin

CONTACT: DENIS RUSCHITZKO TEL: 086 3276279
EMAIL: DRUSCHITZKO@EIRCOM.NET



## Enjoy Bluebell Week in Huntington

EVENTS continue all this week up at Huntington Castle, Clonegal until Sunday 12 May in celebration of Bluebell Week. You are invited to come along and enjoy the beautiful carpet of native bluebells, guided woodland walks and the opening of the new waterfall woodland path. Admission is €5 for adults, €2,50 for U12s, and family tickets are available. For further details, log onto the website www.carlowtourism.com.

**INFORMATION EVENING**

A pro-life information evening will be held in Spellmam Hall, Kildavin on Friday 10 May at 8pm. The guest speakers on the night will include Bernadette Goulding, Rachel's Vineyard, Cork and Patrick Carr, Family and Life, Dublin. Bernadette will give a testimony on her own abortion and give a message of hope and healing to women and families hurt by abortion. Patrick will show the work he and his team do with young people in colleges around the country and speak on the implications to legislation for abortion in Ireland. All are welcome.

**SCHOOL FÊTE**

Ardattin National School will hold a school fête on Sunday 16 June at 2pm. There will be plenty on the day to suit all tastes, including music, barbecue, Irish dancing, cakes sale, games, stalls, bouncy castle and much more. Your support would be greatly appreciated